AN SPIDÉAL

Beocht Cois Cuain

Údarás na Gaeltachta

# Oifigeach Forbartha Turasóireachta sa Spidéal.

## Post ar Chonradh

**Tá post mar Oifigeach Turasóireacht, a mhairfidh suas le trí blaina, á thairiscint ag Comhlacht Forbartha an Spidéil Teo d'iarrthóirí a bhfuil líofacht i nGaeilge acu. Tá tacaíocht chun an post seo á chruthú á chur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta mar chuid dá bPlean Turasóireachta chun tograí Turasóireachta Straitéiseacha a fhorbairt ar fud na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomhlacht Forbartha an Spidéil.**

**Beidh an té a cheapfar páirteach i ngréasán foghlama de thograí straitéiseacha turasóireachta sa nGaeltacht. Mar chuid den ról seo beidh dualgais ar an té a cheapfar freastal ar chlár foghlama thar thréimhse an fhostaíocht.**

**Duine cumasach le cáilíocht (triú leibhéal ina bhuntáiste) agus/nó taithí sna reimsí seo a leanas (Staidéar Gnó, Turasóireacht, Margaíocht, Núalaíocht, mar shampla) agus spéis i gcur chun cinn agus i bhforbairt na hearnála Turasóireachta sa nGaeltacht a roghnófar. Ní mór d'iarrthóirí ard chaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna ríomhaireachta, riaracháin eagrúcháin agus cumarsáide.**

**Is fostóir comhdheiseanna é CFAS agus is mór againn an éagsúlacht san eagraíocht. Ní dhéanann muid idirdhealú ar bhonn cine, reiligiún, dath, bunús eitneach, inscne, claonadh gnéis, aois, stádas pósta ná stádas míchumais. Bíonn CFAS ag feidhmiú de réir Chódiompair ''Sábháilte le Cruthú''**

**Íocfar liúntas €35,000 sa mbliain mar aon le costais leis an té a cheapfar. Is féidir sonraí an phoist a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig: anspideal2022@gmail.com.**

**Seoltar iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh 5.i.n. ar an Aoine 12 Meán Fómhair, 2025 chuig: anspideal2022@gmail.com.**

**Beidh na hagallaimh á reachtáil ar an 19 Meán Fómhair 2025.**